17 Meitheamh 2020

Ar Aghaidh Linn

Ag Aistriú chuig an mBunscoil!

San eagrán seo:

- **Físcheardlann:** Searmanas Bronnta Dheireadh na Bliana
- **Comórtas** do Pháistí sa Naíonra
- **Leabhair Rolla & Timpiste**
- Ag Tosú ar an **Naíonra**
- Ag Tosú sa **Bhunscoil**
- Acmhainní do **Thuismitheoirí & Múinteoirí**
- **Athoscailt** an Naíonra
- Nóta ón eagraíocht

FÍSCHEARDLANN: Conas Searmanas Bronnta a Chruthú do Pháistí Sa Naíonra Ón mBaile!

Físcheardlann - Ócáid Speisialta a Cur le Chéile do Pháistí sa Naíonraí

Agus muid ag druidim i dtreo dheireadh an bliana naíonra, is trua nach mbeidh deis ag na páistí slán a fhágáil lena chéile nó lena múinteoirí – anuas air seo is difriúil an t-eispéaras atá i ndán do pháistí nach mbeidh ag filleadh ar an naíonra, ach ag glacadh a gcéad chéim i saol na bunscoile.

Mar sin, **ba mhaith linn ócáid speisialta a eagrú do pháistí ag úsáid na n-acmhainní atá againn sa bhaile! Agus tá na bunábhair ar fad agaibh!**

San fhíscheardlann seo, míníonn Jill duit:

- Conas **taifead a dhéanamh** le do ghuthán cliste
- Conas an **spás a leagadh amach** leis an taifead a dhéanamh spraíúil agus tarraingteach
- Cúpla bealach le **teastais** a chur in oiriúint don naíonra agus **a bhronnadh ar pháistí**
- Na bealaí leis an **searmanas a sheoladh chuig tuismitheoirí** nó a chraoladh beo

Beidh Jill in ann bhur gcuid ceisteanna a fhreagairt má bhíonn aon deacracht agaibh - seol ríomhphost chuig jill@gaeloideachas.ie

Faigh thíos na naisc chuig na hardáin uile a mholtar san fhíscheardlann, chomh maith leis na **comhaid PDF de na teastais do pháistí** (ceann dóibh siúd a bheidh ag filleadh ar an naíonra agus ceann dóibh siúd atá ag aistriú chuig an mbunscoil.)

Bainigí sult as agus go n-éirí leis na páistí uile!

Teastais (PDF)

Treoracha do Zoom

Treoracha do Facebook Live

WeTransfer (físeán a sheoladh thar ríomhphost)

Comórtas Ealaíne

Bhí caighdeán na healaíne ó pháistí sa naíonra dochreidte le linn dianghlasála! Comhghairdeas libh ar fad a ghlac páirt inár gcomórtais go dtí seo!

Tá comórtas amháin eile againn daoibh agus is fútsa an rogha a dhéanamh cad gur mhaith leat a tharraingt/a phéinteáil, nó eile!

Ba mhaith linn go gcruthóidh sibh pictiúir ag úsáid ceann de na teidil thíos:

Do pháistí ag filleadh ar an naíonra mí Mheán Fómhair:

- Mise Sa Naíonra
- An Rud Is Fearr Liom Sa Naíonra
- An Bréagán Is Fearr Liom Sa Naíonra

Art Competition

The standard of competition entires from the children in naíonraí was outstanding during lockdown! Congratulations to all who took part in our art competitions to date!

We have one more competition for you and it's your decision what you draw or paint or create!

We would love you to create a picture using one of the following titles:

For children returning to naíonraí in September:

- Me In The Naíonra
- My Favourite Thing In The Naíonra
- My Favourite Toy In The Naíonra

Do pháistí ag aistriú chuig an mbunscoil i mí Mheán Fomhair:

- Mo Scoil Nua
- Mo Mhúinteoir Nua
- Mise I M'éide Scoile Nua

Spriocdháta an chomórtais ná **5.in. 30 Meitheamh 2020.**

Ná déan dearmad an t-eolas seo a scaipeadh ar thuismitheoirí!

Féach na téarmaí, coinníollachaí agus conas cur isteach ar an gcomórtas thíos:

For children transitioning to primary school in September:

- My New School
- My New Teacher
- Me In My New Uniform

The competition ends **5pm, 30th June 2020.**

Don't forget to share this information with parents!

Terms, conditions & how to enter are outlined below:

Níos Mó Eolais / Further Information

Teimpléid (Ag tosú ar Scoil) | Template (Starting School)

Teimpléid (Ag Filleadh ar an Naíonra) | Template (Returning to Naíonra)

Leabhair Rolla & Timpiste: Foirmeacha Staitisticí

De bharr an choróinvíris tá oifigí Gaeloideachas dúnta ó mhí an Mhárta agus níl fáil againn ar na bileoga eolais ná na leabhráin ar fad ann, leabhair

rolla agus timpiste san áireamh. Níl sé soiléir dúinn fós cén uair a bheidh sé ar ár gcumas againn na leabhair seo a chur ar fáil don naíonra, ach idir an dá linn, chabhródh sé go mór linn da bhféadfadh sibh 2 rud a dhéanamh dúinn le cabhrú libhse:

1. An **fhoirm staitisticí a chomhlíonadh**, mura bhfuil sé seo déanta agaibh cheana
2. **Seoladh malartach** (m.sh. seoladh baile an stiúrthóra, srl.) a chur ar fáil dúinn ionas go bhfaighidh sibh na leabhair in am do thús na bliana naíonra i mí Mheán Fómhair. Ní úsáidfear na seoltaí seo ach sa chás seo amháin. Is féidir seo a dhéanamh leis an ríomhphost thíos a chomhlíonadh.

Beidh Gaeloideachas ag socrú an t-ábhar a sheoladh chuig an naíonraí chomh luath agus a bheidh cead againn filleadh ar an oifig.

Táimid buíoch as bhur gcuid foighne le linn an ama seo.

Foirm Staitisticí

Seoladh Malartach

Tosú sa Naíonra: Tréimhse Speisialta do Pháistí

An bhfuil mórán páistí nua ag tosú sa naíonra i mbliana? Is athrú mór agus cloch mhíle an-tábhachtach do pháistí agus dá dtuismitheoirí é seo. Tá go leor comhairle agus eolais ar fáil ar ár suíomh idirlín a bheadh úsáideach dóibh. Tá comhairle ghinearálta maidir le tosú sa naíonra, bileoga eolais,

físeáin agus acmhainní eile ar fáil ar shuíomh Gaeloideachas. Déan cinnte iad a roinnt le tuismitheoirí do naíonra.

Seo roinnt de na naisc is úsáidí dóibh:

- **Ag Tosú Sa Naíonra** Alt lán le comhairle agus leideanna. Tá ceann Béarla agus Gaeilge ar fáil
- **An Páiste sa Naíonra** Físeán le fotheidil dhátheangacha
- **An Naíonra** - Leabhrán eolais dátheangach
- **Cúiseanna le Naíonra a Roghnú** - Físeán le fotheidil dhátheangach
- **Nuachtlitir Gaeloideachas do Thuismitheoirí** - Déan cinnte go bhfuil na tuismitheoirí cláraithe lenár nuachtlitir dhátheangach a fháil. Is féidir leo clárú ag an nasc seo

Leabhrán | Booklet: An Naíonra

Ag Tosú sa Naíonra | Starting in the Naíonra

Nuachtlitir do Thuismitheoirí | Newsletter for Parents

Cúiseanna le Naíonra a Roghnú | Reasons for Choosing a Naíonra

An Páiste Sa Naíonra | The Child in the Naíonra

Ag Tosú ar an nGaelscoil | Starting in the Gaelscoil

Ag Tosú ar an mBunscoil

An bhfuil do pháiste ag tosú sa bhunscoil i mbliana? Tá roinnt **teimpléad ealaíne cruthaithe**

Starting Primary School

*Is your child starting primary school this year? We've created some **art templates to help encourage them***

againn len'iad a spreagadh bheith ag caint faoin aistriú ón naíonra go dtí an scoil, agus aon ábhair imní nó sceitimíní a phlé sa mbaile. Tá teidil éagsúla ann ar gach teimpléad do phictiúir éagsúla gur féidir leo a tharraingt nó a chruthú.

***to chat about the transition from naíonra to primary school**, and any worries or excitement they feel. The idea is to draw or paint a picture with the various titles on each template:*

Mo Naíonra
Mise Sa Naíonra
Mo Mhúinteoir Naíonra
Mo Chairde Sa Naíonra
An Rud Is Fearr Liom Sa Naíonra
An Bréagán Is Fearr Liom Sa Naíonra
An Leabhar Is Fearr Liom Sa Naíonra
Mo Scoil Nua
Mo Mhúinteoir Nua
Ag Súgradh Ar Scoil
Ag Am Lóin & Súgartha, Is Féidir Liom...
Mise I M'éide Scoile Nua
Táim Ag Súil Leis Seo Ar Scoil...

My Naíonra
Me In The Naíonra
My Naíonra Teacher
My Friends In The Naíonra
My Favourite Thing In The Naíonra
My Favourite Toy In The Naíonra
My Favourite Book In The Naíonra
My New School
My New Teacher
Playing At School
At Lunchtime & Playtime, I Can ...
Me In My New Uniform
I'm Looking Forward To... In School

Teimpléid | Templates

Aistear Nua don Teaghlach ar fad: Acmhainní Gaeilge do Thuismitheoirí & Caomhnóirí

Tá an t-eolas thíos dátheangach ionas gur féidir é a roinnt go héasca ar thuismitheoirí nach bhfuil aon Ghaeilge acu.

Go minic agus páistí ag tosú ar an naíonra, bíonn suim ag tuismitheoirí breis Gaeilge a úsáid sa bhaile nó feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge féin chomh maith. Tá go leor acmhainní iontacha ar fáil do thuismitheoirí atá ag iarraidh cur lena gcuid Gaeilge. Seo thíos roinnt moltaí bunúsacha ó Gaeloideachas. B'fhiú go mór iad a roinnt ar shuíomh an naíonra, i do nuachtlitir do thuismitheoirí nó ar na meáin shóisialta.

Often when children are starting on this new and exciting journey, parents are enthusiastic to use more Irish at home or to improve their own Irish. There are

many great Irish-language resources available for parents. Here are some suggestions from Gaeloideachas that we hope you will find useful.

Ábhar ar líne | Online Resources

IrishforParents.ie www.irishforparents.ie

Suíomh lán le foclóir, físeáin agus bileoga oibre do thuismitheoirí bunaithe ar théamaí coitianta. Foghlaimeoidh tú foclóir agus frásaí nua a bhféadfá a úsáid le do pháiste nó lena m(h)úinteoir.

IrishforParents.ie is full of useful vocab, videos and worksheets for parents on common themes. A great way to learn new words that you can use with your child or their múinteoir.

Déan Comhrá (leabhrán le foclóir agus frásaí úsáideacha - PDF anseo)

Is leabhrán é Déan Comhrá atá lán le foclóir agus frásaí bunaithe ar théamaí éagsúla: dathanna, cruthanna, éadaí, an teaghlach, frásaí do nótaí agus ríomhphoist agus go leor eile. Is féidir an leabhrán seo a úsáid lenár gcuid físeáin ar Youtube agus le Foclóir.ie chun an fuaimniú a chloisteáil.

Déan Comhrá is full of useful phrases and vocab on many themes: colours, shapes, clothes, family, phrases for notes and emails, and much more. We have also recently launched some videos to go with the booklet where you can listen to the pronunciation. These can be found on our ***Youtube channel.*** *Foclóir.ie is very useful to listen to pronunciation too.*

Tearmann Teaghlaigh - Facebook group for parents

An bhfuil tú i do bhall dár ngrúpa Facebook do thuismitheoirí? Roinntear go leor eolais agus acmhainní anseo. Bíonn deis ag tuismitheoirí ceisteanna a chur agus comhairle a lorg ann freisin.

Are you a member of our Facebook group for parents? Tearmann Teaghlaigh is a great place to find resources, ask questions and look for advice from other parents. We share interesting stories and resources here very often too.

Saotharlann.com

Suíomh úsáideach atá lán le foclóir ar théamaí éagsúla. Tá an foclóir scríofa de réir na foghraíochta agus tá sé deartha go hálainn. B'fhiú go mór breathnú air!

This website has loads of useful vocab on different themes. The various words are written phonetically which is very helpful. They also look lovely! Definitely worth checking out!

Frása an lae le Gaelchultúr

Is féidir frása nua Gaeilge a fhoghlaim gach lá le suíomh Gaelchultúr. Bíonn ranganna ar siúl acu freisin.

You can learn a new Irish phrase every day with Gaelchultúr. They also run Irish classes for those who are interested.

Focloir.ie

Foclóir Béarla Gaeilge atá anseo. Is féidir éisteacht le fuaimniú go leor focal, feidhm atá thar a bheith úsáideach.

An English-Irish dictionary where you can listen to the pronunciation of many words.

Leabhair | Books

Tá go leor leabhar iontacha ar fáil le cur le do chuid Gaeilge, go háirithe le frásaí Gaeilge a mbeidh tú in ann a úsáid le do pháiste. Seo roinnt leabhar a mholfadh muid.

There are many great books you can use to learn new vocabulary, especially words and phrases that you'll be able to use with your child. Here are some we'd recommend.

Gaschaint

BunGhaeilge do Thuismitheoirí
Ag Aistriú ón Naíonra go Dtí an Bhunscoil: Cúpla Leabhar le Léamh

Má tá tú ag iarraidh leabhair Ghaeilge a léamh a bhaineann le saol an naíonra nó saol na scoile le do pháiste, tá liostaí moltaí againn anseo.

If you would like to read some Irish books about naíonra or school with your child, we have a list of recommendations here.

Is féidir leabhair a cheannach ó na soláthróirí seo a leanas. *Irish books can be purchased from any of the following providers*:

- **An Ceathrú Póilí**
- **An Siopa Gaeilge**
- **Cló Iar Chonnacht**
- **Futa Fata**
- **Leabhar Breac**
- **Litríocht**
- **An Siopa Leabhar**
- **Údar.ie**

Lóga & Aireachas | Yoga & Mindfulness

Tá cúpla gníomhaíocht dheas anseo le do scíth a ligean thar an samhradh agus cur le do chuid foclóra maidir le spórt agus sláinte ag an am céanna. Is féidir leis an teaghlach ar fad seo a dhéanamh le chéile agus píosa spraoi a bheith agaibh.

Here are some Irish yoga and mindfulness videos that you could try over the summer. A nice way to hear some Irish while doing the activities and get all the family involved.

- **Lóga le Ciarán Mac Fhearghusa**
- **Óga Yoga ar Cúla 4**
- **Spórt, Spraoi agus Suaimhneas le Óga Yoga**
- **Lóga le Jenny Ní Ruiséil**
- **Rang Lóga le hOrlaith Ní Chearra**
- **Rang suaimhnis le Katie Mc Greal**
- **Lóga ó Ghaelscoil an Ghoirt Álainn**

Cluichí, Aipeanna agus Leabhair | Games, Apps and Books

www.udar.ie

Tá go leor cluichí, bréagáin agus acmhainní iontacha ag Údar.ie. Má tá fonn oraibh Snap nó Biongó a imirt as Gaeilge le chéile, tiocfaidh tú orthu ar fad anseo. Tá Teidí gleoite le Gaeilge acu freisin!

Údar.ie has lots of games, toys and other resources that families might enjoy. If you would like to play Snap or Bingo as Gaeilge, you'll find them all here. They also have Teidí le Gaeilge, a very cute bear who speaks Irish!

Athoscailt an Naíonra

Tuigeann muid go bhfuil go leor ceisteanna ag naíonraí agus imní oraibh maidir le hathoscailt bhur gcuid seirbhísí. Tá sé i gceist ag Gaeloideachas breis eolais agus acmhainní a scaipeadh oraibh sna laethanta amach romhainn.

Tuigtear dúinn go bhfuil leagan Gaeilge de na hacmhainní ríthábhachtacha seo le teacht go han-luath (leaganach Béarla thíos). Tá seicliosta an-úsáideach curtha le chéile ag ECI freisin, níl sé seo ach i mBéarla, faraor.

Idir an dá linn, coinneoidh muid ar an eolas sibh faoi uasatú ar bith a fhaigheann muid ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Let's Get Ready

First 5: Guidance for Reopening

Seicliosta Early Childhood Ireland

Tá súil againn go bhfuil na moltaí seo cabhrach daoibh sa naíonra, agus go mbeidh sibh in ann an t-eolas a scaipeadh ar thuismitheoirí chomh maith.

Coinnígí súil amach do **chúrsaí oiliúna a bheidh á reachtáil do mhí Lúnasa.**

Le gach dea-ghuí,
Gaeloideachas

Gaeloideachas

Is ceanneagraíocht náisiúnta í Gaeloideachas a thacaíonn le forbairt an oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Tugann Gaeloideachas comhairle, cúnamh agus tacaíocht do dhaoine ar mian leo oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí, chomh maith le seirbhísí tacaíochta agus abhcóideachta do scoileanna lasmuigh agus laistigh den Ghaeltacht mar aon le naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht.

Cláraigh le nuachtlitreacha Gaeloideachas a fháil

Copyright © 2020 GAELOIDEACHAS
All rights reserved. Gach ceart ar cosaint.

Díchláraigh ón liosta seo | Unsubscribe from this list

Copyright © 2020 GAELOIDEACHAS
All rights reserved. Gach ceart ar cosaint.

Díchláraigh ón liosta seo | Unsubscribe from this list